Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14459/19**

**DEVGEN 215**
**GENDER 56**
**SUSTDEV 167**
**SOC 769**
**ONU 131**
**ACP 138**
**RELEX 1092**
**COHAFA 101**
**COHOM 123**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Samhain 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13993/19 |
| Ábhar: | Cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta II AE maidir le hInscne in 2018: An comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a neartú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais<br>– Conclúidí ón gComhairle (25 Samhain 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta II AE maidir le hInscne in 2018: an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a neartú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an 3732ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 25 Samhain 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta II AE maidir le hInscne in 2018:
An comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a neartú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais**

1. Tugann an Chomhairle dá haire nach beag a ndearnadh den dul chun cinn arís in 2018 ar fud an domhain i dtaca leis an comhionannas inscne agus le cumhachtú cailíní agus ban. Tá dlíthe comhionannais agus frith-idirdhealaithe glactha ag roinnt Ballstát, nó tá siad réidh lena nglacadh, tá a mbuiséadú inscne méadaithe acu agus tá feabhas curtha acu ar cháilíocht a bpróiseas tuairiscithe agus trédhearcachta. Tá fianaise ann go bhfuil feabhas ag teacht ar staid na gcailíní agus na mban, toisc gur lú an líon cásanna de phósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, go bhfuil feabhas ag teacht ar an gcuimsiú sóisialta agus méadú ar an rannpháirtíocht sa saol polaitiúil, eacnamaíoch agus poiblí. Mar sin féin, d'ainneoin na bhfeabhsuithe go léir, ní féidir tír ar bith ar domhan a mheas go fóill mar thír atá ar an mbóthar ceart chun comhionannas inscne a bhaint amach faoi 2030. Is cúis imní don Chomhairle go dtógfadh sé 108 mbliana, de réir na meastachán, chun an bhearna idir na hinscní ar fud na cruinne a laghdú ar an ráta reatha feabhais[1]. I roinnt mhaith áiteanna ar domhan, tá srian á chur ar chearta uile na mban agus na gcailíní sa chaoi is nach féidir leo tairbhe iomlán a bhaint astu agus is ag dul i méid atá na dúshláin atá roimh eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí um chearta na mban, sa spás daonlathach atá ag laghdú ar fud an domhain. Anuas air sin, le coinbhleachtaí atá ar siúl le fada, tionchar an athraithe aeráide, tubaistí nádúrtha agus staideanna lena mbaineann easáitiú éigeantach, is measa fós a bhíonn an neamhionannas inscne.

2. Tá géarghá le freagairt i bhfad níos doimhne, níos gasta agus níos uaillmhianaí ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus áitiúil chun Clár Oibre 2030 agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) mar aon leis na spriocanna a bhaineann le hinscne a chomhlíonadh. Is mian leis an gComhairle, dá bhrí sin, athdhearbhú a dhéanamh ar thiomantas iomlán buanseasmhach an Aontais gona Bhallstáit i leith na 17 SDG a bhaint amach faoi 2030, lena n-áirítear an méid seo a leanas a chur chun cinn: a gceart daonna ina n-iomláine a thabhairt do mhná agus do chailíní, an comhionannas inscne, agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, de bhun tosaíochta, i ngach réimse beartais agus gníomhaíochta. Is tosaíocht uileghabhálach de chuid an Aontais é sin agus is uirlis lárnach é Plean Gníomhaíochta AE maidir le hInscne chun rannchuidiú leis na spriocanna sin a bhaint amach trí iarrachtaí institiúidí an Aontais agus na mBallstát a ailíniú chun na críche sin. Ní mór dlús a chur leis an gcur chun cinn agus ní mór ar baineadh amach go nuige seo a chaomhnú agus a choimirciú ar aon mheath nó frithbhualadh.

---

[1] Mar a luaitear sa Tuarascáil ón bhFóram Eacnamaíoch Domhanda ar Bhearna Inscne Domhanda 2018.

3. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi an 26 Samhain 2018 maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta II AE maidir le hInscne in 2017: An comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a neartú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar an Plean a chur chun feidhme, ar bhealach straitéiseach éifeachtach, trí bhíthin faireachán, meastóireacht, tuairisciú agus obair leantach i gcaidreamh seachtrach uile an Aontais.

4. Meabhraítear don Chomhairle freisin na conclúidí uaithi an 10 Nollaig 2018 maidir leis na Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil an tAontas tiomanta do Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus dá rúin leantacha a chur chun feidhme ina n-iomláine. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá rannphháirtíocht iomlán agus fhóinteach na mban i ndáil le coinbhleachtaí a chosc, an tsíocháin a chothú agus coinbhleachtaí a réiteach agus le hathléimneacht na bpobal áitiúil a chothú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais gona Bhallstáit go n-áiritheofaí go ndéanfaí cearta, gníomhaireacht agus cosaint na mban agus na gcailíní a urramú agus a chaomhnú i gcónaí, roimh aon choinbhleacht a tharlóidh, lena linn agus ina diaidh. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas do Chur Chuige Straitéiseach nua an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS), lena leagtar béim ar an ngá atá le gealltanais agus gníomhaíochtaí nithiúla agus ar an ngá ról a thabhairt do mhná agus cailíní, iad a chumhachtú, a chosaint, agus tacú leo chun síocháin agus slándáil inbhuanaithe sheasmhach a bhaint amach, agus iad sin ina ndlúthchodanna de chearta an duine agus den fhorbairt inbhuanaithe, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe gona SDGanna agus i gcomhréir leis an gComhthoil nua Eorpach maidir le Forbairt.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcaitheamh an ama maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta II AE maidir le hInscne (GAP II), mar a cuireadh i láthair é i dtuarascáil chur chun feidhme 2018. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit a dtacaíocht don chomhionannas inscne, a gcearta daonna ina n-iomláine a thabhairt do mhná agus do chailíní agus a gcumhachtú ar fud an domhain a neartú agus ról lárnach méadaitheach a imirt maidir le hacmhainní a chuíchóiriú agus a ghiaráil chun na críche sin.

6. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di an bhéim bhreise a leagann an tAontas ar chomhionannas inscne agus ar chumhachtú na mban, mar a léirítear i dtuarascáil chur chun feidhme 2018, go háirithe i réimse na gceart eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha lena n-áirítear cearta gnó agus cearta an duine; úsáid mhéadaithe na hanailíse inscne chun bonn eolais a chur faoi cheapadh agus foirmliú tionscadal; na feabhsuithe leanúnacha maidir leis an athrú cultúrtha institiúideach; comhleanúnachas feabhsaithe agus comhordú níos fearr idir institiúidí an Aontais agus idir na hinstitiúidí sin agus Ballstáit an Aontais; comhionannas inscne agus cúinsí chearta an duine a áireamh ar bhealach níos fearr san idirphlé beartais agus polaitiúil; ról neartaithe maidir le cuntasacht a chothú sa chóras daonnúil chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean bunaithe ar inscne. Is díol sásaimh di chomh maith go bhfuil níos mó den tosaíocht, agus infheictheacht dá réir, á tabhairt ag an Aontas Eorpach i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan, do shaincheisteanna a bhaineann leis an gcomhionannas inscne.

7. Agus béim á leagan aici ar an méid atá bainte amach go nuige seo, tugann an Chomhairle dá haire nach ndearnadh dul chun cinn go cothrom faoi na tosaíochtaí téamacha agus i measc ghníomhaithe éagsúla an Aontais. Tá cuid mhór gan déanamh agus beidh gá le tuilleadh iarrachtaí comhpháirteacha ón gCoimisiún, ón Ardrúnaí agus ó na Ballstáit uile chun beartas comhionannais inscne an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán sa chaidreamh seachtrach agus chun na híoschaighdeáin feidhmíochta a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta maidir le hInscne (2016-2020) a chomhlíonadh.

8. Is cúis mhór imní don Chomhairle, in ainneoin an dul chun cinn a tugadh faoi deara go nuige seo, go mbeidh sé deacair, ar an gcaoi a bhfuil rudaí faoi láthair, sprioc 85% an phlean gníomhaíochta inscne a bhaint amach faoi 2020, eadhon go gcuirfidh 85% de na gníomhaíochtaí nua ar fad le comhionannas inscne agus le cumhachtú na mban, go suntasach (marcóir um chomhionannas inscne 1) nó go príomha (marcóir um chomhionannas inscne 2)[2]. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di na meastacháin a rinneadh le déanaí ina léirítear go bhfuil SDG5 thar a bheith tearcmhaoinithe go fóill. Molann an Chomhairle go láidir do na gníomhaithe uile oibriú as lámh a chéile chun dlús a chur leis an sprioc sin a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle don Choimisiún, don Ardionadaí agus do na Ballstáit nach mór cuspóirí comhionannais inscne a áireamh i ngach uile chúinse is féidir agus bonn cirt a thabhairt i ngach cás nach féidir[3]. Meabhraítear di freisin gur cheart gnéithe eile a áireamh sna spriocanna comhionannais inscne uaillmhianacha, amhail aois agus míchumas d'fhonn éifeacht charnach dhearfach a áirithiú.

[2] Mar atá sainithe ag Coiste Cúnaimh Forbartha (DAC) na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD).

[3] I gcásanna den sórt sin, '0' an scór a thugtar do ghníomhaíocht agus úsáid á baint as an marcóir um chomhionannas inscne ('G0').

9. Tá an tAontas fós tiomanta cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR). Agus beann aici ar an méid sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart an uile dhuine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, maidir le hábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, agus sin saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfáth an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardchaighdeáin, inacmhainne, chuimsitheach, i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus seirbhísí cúraim sláinte. Is mór ag an gComhairle an tuairisciú mionsonraithe, lena n-áirítear Iarscríbhinn 5 den tuarascáil ar an gcur chun feidhme, ar ghníomhaíochtaí an Aontais maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe mar a leagtar amach sa Chomhdhearcadh nua Eorpach maidir le forbairt, agus is díol sásaimh di a thabhairt dá haire an méadú ar an gcistiú sa réimse seo in 2018. Mar sin féin, mar gheall ar an laghdú ar líon na n-idirghabhálacha nua a tuairiscíodh, molann an Chomhairle go gcuirfeadh an Coimisiún agus na Ballstáit dlús lena n-iarrachtaí sa réimse sin sna blianta atá le teacht. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Chomhairle na gealltanais a tugadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta maidir le Forbairt agus Daonra, atá 25 bliana ar an bhfód i mbliana, agus leagann sí béim ar an ngá feabhas a chur ar an modheolaíocht tuairiscithe dhomhanda. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leanúint de leas a bhaint as cistí breise agus tacaíocht a thabhairt do gheallsealbhóirí sa réimse seo.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an tAontas ag díriú níos mó ar gach cineál idirdhealaithe agus foréigin a chomhrac mar chuid d'fheiniméan níos leithne na leochaileachtaí agus an fhoréigin inscnebhunaithe atá fite fuaite le neamhionannais fhadbhunaithe agus ionsaithe níos ginearálta atá á ndéanamh ar an gcomhionannas inscne, agus ar thairbhiú iomlán de chearta an duine ag mná agus cailíní, lena n-áirítear foréigean ar líne, foréigean digiteach agus cibearfhoréigean. Den mheon sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit uile rannchuidiú le cur chun feidhme iomlán éifeachtach an Choinbhinsiúin maidir le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh ban a dhíothú (CEDAW), coinbhinsiún atá 40 bliain ar an bhfód i mbliana.

11. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go bhfuil aghaidh á thabhairt, mar chuid den chomhar um fhorbairt, ag na geallsealbhóirí ábhartha ar mhí-úsáid agus ar chiapadh, sa chomhthéacs daonnúil agus i suíomhanna ina bhfuil coinbhleacht. Cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cloí leis na gealltanais atá i Moladh OECD/DAC maidir le deireadh a chur le teacht i dtír gnéasach, le mí-úsáid, agus le ciapadh i ndáil le comhar um fhorbairt agus cabhair daonnúil.

12. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar ghníomhaithe uile an Aontais, lena n-áirítear na Ballstáit, a bheith tiomanta i gcónaí gach cineál foréigin gnéis agus inscne a chosc, a chomhrac agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear foréigean páirtí dlúthchaidrimh agus cleachtais dhíobhálacha amhail ciorrú ball giniúna ban agus pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, foréigean onóra, mar aon le foréigean gnéasach agus inscne a bhaineann le coinbhleacht, gáinneáil, teacht i dtír gnéasach, mí-úsáid agus ciapadh, cibearfhoréigean/foréigean agus bulaíocht ar líne. Ós amhlaidh atá, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé go dtabharfaí cúnamh don té a tháinig slán agus meabhraítear di tiomantas an Aontais gach cineál foréigin gnéis agus inscne a chosc, a chomhrac agus a ionchúiseamh, foréigean i gcoinne na bhfear agus na mbuachaillí san áireamh, gan idirdhealú a dhéanamh ar bhonn gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne an mharthanóra. Tá an neamhionannas inscne fite fuaite le foréigean gnéis agus le foréigean inscne. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar na mná agus ar na cailíní a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar iliomad cineálacha forluiteacha an idirdhealaithe, lena n-áirítear imircigh, dídeanaithe, daoine easáitithe ina dtír féin, agus ar mhná agus cailíní atá faoi mhíchumas.

13. Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh maidir le cur chun feidhme Thionscnamh Spotsolais AE-NA chun deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní ar fud an domhain, arbh ionann é agus EUR 270 milliún a leithdháileadh ar chláir san Afraic agus i Meiriceá Laidineach in 2018. Ar an gcaoi chéanna, molann an Chomhairle ceannaireacht láidir an Aontais maidir leis an Treoir um Ghníomh a dhéanamh maidir le Cosaint ar Fhoréigean Inscnebhunaithe i gCásanna Éigeandála agus an tacaíocht a tugadh dóibh siúd a tháinig slán as foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe a bhaineann le coinbhleacht, lena n-áirítear saothar na beirte ar ar bronnadh Duais Síochána Nobel 2018, Nadia Murad agus an Dr. Denis Mukwege. Ós amhlaidh atá, leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá toradh Chomhdháil Osló maidir le deireadh a chur le foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe i ndáil le géarchéimeanna daonnúla.

14. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cuspóir ríthábhachtach é an comhionannas inscne ag gach céim den saol agus do dhaoine de gach aois le linn cora agus tréimhsí éagsúla a saoil. D'fhéadfaí go n-áireofaí orthu sin tús na scolaíochta, dul isteach i margadh an tsaothair, toircheas agus leanaí a thabhairt ar an saol, pósadh, baintreachas agus scor.

15. Cuireann an Chomhairle i dtreis an athuair nach mór d'fhir agus do bhuachaillí a bheith rannpháirteach chun deireadh a chur le gach cineál foréigin i gcoinne na mban agus agus na gcailíní, deireadh a chur le neamhionannas inscne, a bhfeasacht a mhéadú i ndáil le tionchar an neamhionannais inscne agus ról gníomhach fiúntach a chur chun cinn dóibh féin i dtaca le hiompar a athrú, aghaidh a thabhairt ar noirm idirdhealaitheacha shóisialta agus steiréitíopaí inscne a chomhrac.

16. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá go leanfadh an Coimisiún, an tArdionadaí agus na Ballstáit d'fheabhas suntasach a chur ar úsáid chórasach na hanailíse inscne agus ar phríomhshruthú comhsheasmhach ghné na hinscne, lena n-áirítear bailiú agus úsáid sonraí atá imdhealaithe ó thaobh gnéis agus aoise agus táscairí atá íogair ó thaobh inscne de maidir le sainaithint, pleanáil, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar gach próiseas i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear i réimsí amhail trádáil, infheistíocht a bhaineann le bonneagar, cláir infheistíochta san earnáil phríobháideach agus cláir chumaisc, tionscnaimh a bhaineann leis an tslándáil agus an t-athrú aeráide. Ba cheart aird ar leith a thabhairt chomh maith i ngach gníomhaíocht sheachtrach agus comhar idirnáisiúnta ar réimsí téamacha a bhféadfadh cuspóir agus ábhar claochlaitheach maidir le caidrimh inscne a bheith ag baint leo, agus ar scrúdú a dhéanamh ar na noirm agus na hiompraíochtaí institiúideacha, sóisialta agus sistéamacha is bonn leis an neamhionannas inscne, agus a ndúshláin a thabhairt, ós rud é go bhfuil ríthábhacht leo chun athrú níos doimhne a thabhairt i gcrích. Ba cheart go dtacódh an cur chuige bunaithe ar chearta an duine maidir le comhar um fhorbairt leis na hiarrachtaí sin, lena n-áirítear tríd an gcomhionannas inscne a chomhtháthú go hiomlán laistigh den bhosca uirlisí "*A rights-based approach, encompassing all human rights for EU development cooperation*" [Cur chuige atá bunaithe ar chearta, lena gcuimsítear cearta uile an duine do chomhar um fhorbairt an Aontais]. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé an t-athrú cultúrtha institiúideach a neartú a thuilleadh chun comhionannas inscne a threisiú.

17. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá comhar láidir leis an tsochaí shibhialta agus GAP II á chur chun feidhme agus ar bhealach níos ginearálta le gur féidir na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Is mór aige an ról ríthábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí pobail na mban, agus ag cosantóirí chearta an duine trí rannpháirtíocht ghníomhach agus trí chomhairliúchán gníomhach. I ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit leanúint dá gcomhar agus dá gcomhairliúchán le heagraíochtaí sochaí sibhialta atá ag obair chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a bhaint amach, agus go ndéanfaí treisiú ar an gcomhar agus ar an gcomhairliúchán sin. Ba cheart go ndéanfaí amhlaidh ar gach leibhéal agus GAP II á chur chun feidhme, lena n-áirítear san anailís inscne, agus trí na timthriallta clársceidealaithe agus beartais. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar an ngá feabhas a chur ar an tsábháilteacht agus an tslándáil do mhná, d'eagraíochtaí do mhná agus ar mhná a chosnaíonn cearta an duine, agus ar an ngá timpeallacht chumasúcháin a chothú don tsochaí shibhialta. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar mhná agus ar chailíní atá ina gcónaí i gceantair thuaithe.

18. D'fhonn a áirithiú go gcuirfear gealltanais uile an Aontais maidir leis an gcomhionannas inscne sa chaidreamh seachtrach chun feidhme ina n-iomláine, molann an Chomhairle don Choimisiún agus don Ardionadaí, i gcomhar leis na Ballstáit, leanúint de bheith ag obair ar bhealach cuimsitheach chun clár oibre uaillmhianach don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban a bhunú.

19. Agus muid ag druidim le 2020, bliain a mbeidh cuid mhór garspriocanna tábhachtacha á mbaint amach lena linn – amhail comóradh ceathrú céid Dhearbhú Bhéising agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, comóradh cúig bliana Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, comóradh 20 bliain Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus athnuachan Rannpháirtíocht Straitéiseach an Aontais don Chomhionannas Inscne 2016-2019 – agus i bhfianaise aontachas beartaithe an Aontais le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl), iarrann an Chomhairle ar na gníomhaithe go léir iarracht ar leith a dhéanamh comhleanúnachas a áirithiú idir beartais agus gníomhaíocht inmheánacha agus seachtracha an Aontais.

20. I bhfianaise an mhéid sin, is cúis áthais don Chomhairle gur seoladh an mheastóireacht ar chur chun feidhme GAP II agus athdhearbhaíonn sí gur gá leanúint de shásraí tuairiscithe atá simplithe, soláimhsithe don úsáideoir agus cáilíochtúil a fhorbairt. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leas a bhaint as a cuid torthaí chun inbhuanaitheacht an dul chun cinn a rinneadh faoi GAP II a áirithiú, agus a chuid iarrachtaí a dhíriú ar Phlean Gníomhaíochta nua AE maidir le hInscne in 2020, ina mbeidh ardleibhéal uaillmhéine, lánpháirtíochta agus cur chun feidhme i ngach réimse beartais sheachtraigh.